



An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2017
(OR. en)

9381/17

DEVGEN 103
ACP 50
RELEX 428
SOC 405
WTO 116
COMER 71
FDI 9

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 19 Bealtaine 2017

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 9002/17
roimhe seo:

Ábhar: Slabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh
- Conclúidí ón gComhairle (19 Bealtaine 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le slabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3540ú cruinniú a bhí aici ar an 19 Bealtaine 2017.

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le slabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh

1. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil thart ar 75 mhilliún duine ar fud an domhain ag obair san earnáil teicstíle agus éadaigh. Tá an chuid is mó den fhórsa oibre sin i dtíortha atá i mbéal forbartha, áit ar mná agus cailíní iad 75% de na hoibrithe san earnáil agus inar minic a dhéantar oibrithe atá sa bhaile a chuimsiú sna slabhraí luacha. Aithníonn an Chomhairle acmhainneacht na hearnála mar spreagadh don fhorbairt agus don fhuascailt, ach aithníonn sí, freisin, a chasta atá slabhra luacha earnáil an éadaigh agus na dúshláin mhóra eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil atá ag roinnt léi, amhail pá íseal, an mhainneachtain cearta saothair a fhorfheidhmiú lena n-áirítear an tsaoirse comhlachais agus an chómhargáil, neamhshábháilteacht foirgníochta, tionchar díobhálach ceimiceán guaiseach, nó úsáid neamhinbhuanaithe acmhainní. Cuirtear i bhfios go láidir, mar thoradh ar thimpistí marfacha in earnáil an éadaigh, amhail titim na monarcha i Rana Plaza na Banglaidéise ceithre bliana ó shin, a thábhachtaí atá sé slabhraí luacha níos inbhuanaithe in earnáil an éadaigh a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith san earnáil seo. I gcomhréir le sprioc 8.7 atá ag gabháil leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFI), iarrann an Chomhairle go ndéanfaí bearta chun deireadh a chur leis an saothar éignithe, leis an sclábhaíocht nua-aimseartha agus leis an ngáinneáil ar dhaoine agus chun toirmeasc agus deireadh a chur leis na cineálacha is measa den saothar leanaí in earnáil an éadaigh. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé sárúithe ar chearta an duine a chosc agus an fhreagracht shóisialta chorparáideach (CSR)/iompar freagrach gnó (RBC)¹ a chur chun cinn lena n-áirítear caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil agus obair chuibhiúil in earnáil an éadaigh. Tá sé bunriachtanach go gcuirfí na caighdeáin agus na prionsabail sin i bhfeidhm ar fud slabhra luacha na hearnála éadaigh ina iomláine.

¹ Úsáideann an tAontas an dá théarma: "Freagracht Shóisialta Chorparáideach" agus "Iompar Freagrach Gnó" leis an aon chiall chéanna amháin. I Straitéis Freagrachta Sóisialta Corparáidí an Aontais Eorpaigh sainíodh an Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach in 2011 mar "an fhreagracht atá ar fhiontair as an tionchar a bhíonn acu ar an tsochaí" agus dúradh "chun a bhfreagracht shóisialta chomparáideach a chomhlíonadh, ba cheart d'fhiontair próiseas a bheith acu chun gnéithe sóisialta, comhshaoil, eiticiúla, gnéithe a bhaineann le cearta an duine agus tomhaltóirí a chomhtháthú ina gcuid oibríochtaí gnó agus ina gcoístraitéis i ndlúthchomhar lena gcuid geallsealbhóirí"

2. Meabhraíonn an Chomhairle a Conclúidí ón 12 Bealtaine 2016 maidir leis an Aontas Eorpach agus Slabhraí Luacha Domhanda atá freagrach, ina dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí a dhéantar chun slabhraí soláthair freagracha a chur chun cinn trí thionscnaimh amhail tionscnamh de chuid an Aontais in earnáil an éadaigh. Is díol sásaimh don Chomhairle an Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún maidir le 'Slabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh trí ghníomhaíocht forbraíochta an Aontais'² mar chéadchéim thábhachtach a meastar go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí uailmhianacha, de bhreis ar an gcomhar um fhorbairt, mar thoradh uirthi. Cuireann an Chomhairle i bhfáth go bhfuil gá le rannpháirtíocht mhéadaithe, réamhghníomhach san Aontas agus thar lear chun slabhraí soláthair freagracha inbhuanaithe a neartú agus chun tacú leis na hiarrachtaí a dhéanann gníomhaithe poiblí agus gníomhaithe príobháideacha araon chun an táirgiúlacht inbhuanaithe, an tomhaltas inbhuanaithe agus an obair chuibhiúil a chur chun cinn de réir mar atá curtha i bhfíor sa chomhdhearcaidh Eorpach nua maidir le forbairt, i gclár oibre 2030 agus sna spriocanna forbartha inbhuanaithe.
3. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún uirlisí faisnéise do thomhaltóirí agus CSR/RBC a chur chun cinn lena n-áirítear tríd an dícheall chuí a chuireann cuideachtaí i gcrích ina slabhraí soláthair. Teastaíonn comhar níos dlúithe idir tionscnaimh il-gheallsealbhóirí atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach d'fhonn tiomantas níos leithne do CSR/RBC a chothú in earnáil an éadaigh chun go seachnófaí aon éifeacht idirdhealaitheacha a bheadh ar ghnólachtaí atá ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe cheana, lena n-áirítear trí scéimeanna deonacha, amhail Éicilipéad an Aontais. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh na deiseanna ag cuideachtaí an Aontais comhoibriú a dhéanamh ag céim réamhiomaíochta chun go maolófaí rioscaí sa slabhra soláthair.
4. Molann an Chomhairle go ndéanfaí coinbhinsiúin idirnáisiúnta saothair, amhail croíchoinbhinsiúin na heagraíochta idirnáisiúnta saothair (EIS), a dhaingniú, agus a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, agus meabhraíonn sí an meas atá aici ar threoirlínte agus ar phrionsabail a aithnítear go hidirnáisiúnta, go háirithe prionsabail threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le gnó agus cearta an duine, an dearbhú tríthaobhach prionsabal ó EIS maidir le fiontair ilnáisiúnta agus an beartas sóisialta, treoirlínte OECD d'fhiontair ilnáisiúnta, comhshocrú domhanda na Náisiún Aontaithe, chomh maith le comhaontuithe ilthaobhacha comhshaoil.

² 8492/17 - SWD(2017) 147 final

5. Is uirlis éifeachtach é an comhar um fhorbairt chun inbhuanaitheacht slabhraí luacha in earnáil an éadaigh a fheabhsú. Ba cheart slabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh a shaothrú trí thacú le hiarrachtaí rialtas, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, gnólachtaí domhanda agus áitiúla, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna), comhpháirtithe sóisialta i dtíortha táirgthe, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus trí thacú le cláir agus le tionscadail dhéthaobhacha agus réigiúnacha. Le hiarrachtaí den sórt sin is féidir freisin úsáid amhábharr príomha a dhéantar a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe agus úsáid amhábharr tánaisteach a chur chun cinn, mar aon le hathúsáid agus athchúrsáil éadaí agus teicstílí.
6. Is díol sásaimh don Chomhairle an tacaíocht mhéadaithe d'inbhuanaitheacht in earnáil an éadaigh trí chomhar an Aontais um fhorbairt. Tacaíonn an Chomhairle le bearta chun dea-chleachtais shóisialta agus eacnamaíocha i ndáil le bainistiú freagrach slabhraí luacha in earnáil an éadaigh a chur chun cinn agus a scaipeadh go háirithe trí dhul i dteagmháil le cuideachtaí, comhlachais ghnó, eagraíochta na sochaí sibhialta, comhpháirtithe sóisialta agus trí chomhar agus comhroinnt eolais a chothú i measc geallsealbhóirí. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún agus Ballstáit an Aontais iarrachtaí a neartú chun feasacht a mhúscailt i measc tomhaltóirí agus lucht iarrtha soláthair phoiblí chun tomhailt inbhuanaithe, fhreagrach a chur chun cinn.
7. Tacaíonn an Chomhairle leis na hiarrachtaí leanúnacha maidir le cearta an linbh chomh maith le cumhachtú eacnamaíoch na mban agus na gcailíní san earnáil seo, lena n-áirítear trí chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta AE maidir le Comhionannas Inscne 2016-2020³. Cuireann sí i dtreis an gá atá ann comhionannas inscne a chothú, tacú le hoiliúint agus le fothú acmhainní do na mná a oibríonn in earnáil an éadaigh, aghaidh a thabhairt ar chiapadh in ionaid oibre agus neamh-idirdhealú, rochtain chomhionann ag mná ar fhostaíocht tháirgiúil, ar obair chuibhiúil agus ar phá comhionann a chur chun cinn.

³ 12249/15 - SWD(2015) 182 final

8. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé don Aontas cearta saothair agus obair chuibhiúil a chur chun cinn, agus aithníonn sí ionchur ón idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an t-idirphlé sóisialta ar fud an domhain, trí chomhaontaithe réime idirnáisiúnta a dhéantar chun na críche sin. Cuireann sí i bhfios ról tábhachtach chomhar an Aontais um fhorbairt chun tacú le rialtais na dtíortha táirgthe chomh maith le gníomhaithe eile amhail ESSanna, comhpháirtithe sóisialta agus an earnáil phríobháideach, chun caighdeán idirnáisiúnta a thrasú agus a chur chun feidhme i ndlíthe náisiúnta saothair agus comhshaoil agus chun tacú lena bhforfheidhmiú éifeachtach, lena n-áirítear ar leibhéal na monarchan, agus chun faireachán a dhéanamh orthu.
9. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé na ceimiceáin a úsáidtear in earnáil an éadaigh agus atá sna táirgí deiridh éadaigh a rianú chun bainistiú atá fóna ó thaobh an chomhshaoil de a dhéanamh ar na ceimiceáin, ar na snáithíní nádúrtha, ar an dramhaíol agus ar na hacmhainní go léir in earnáil an éadaigh. Tá táirgeadh inbhuanaithe agus tíosach ar acmhainní, lena n-áirítear timthriallta ábhar neamhthocsaineach a chur chun cinn, riachtanach chun geilleagar ciorclach a bhaint amach agus athúsáid agus athchúrsáil in earnáil an éadaigh a áirithiú. Tá cur chun cinn timpeallachtaí oibre sábháilte rithábhachtach freisin ionas go seachnófar nochtadh oibrithe do shubstaintí díobhálacha agus tocsaineacha a bheadh bagrach don tsláinte.
10. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún chun tacú le bearta chun trédhearcacht agus inrianaitheacht a mhéadú i slabhraí soláthair in earnáil an éadaigh, mar shampla trí chomhordú le gníomhaíochtaí leanúnacha laistigh de na Ballstáit agus tionscnaimh idirnáisiúnta sa tionscal, agus is díol sásaimh dí Treoir ECFE um Dhícheall Cuí do shlabhraí soláthair in earnáil an éadaigh agus an choisbhirt. I gcomhréir le SFI 8 agus SFI 12 cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé obair chuibhiúil agus timpeallacht fhabhrach a chothú ar mhaithe le gnó freagrach, agus cuideachtaí a spreagadh, go háirithe cuideachtaí móra agus trasnáisiúnta, cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh, lena n-áirítear trí fhaisnéis maidir le hinbhuanaitheacht a chomhtháthú ina gcuid tuairiscithe agus trína gcuid custaiméirí a chur ar an eolas agus caidreamh leo a chothú. Cuirfidh iarrachtaí den sórt sin freisin le faisnéis agus trédhearcacht trí na céimeanna éagsúla sa slabhra soláthair in earnáil an éadaigh, lena n-áirítear maidir le dálaí sóisialta agus comhshaoil. Is céim thábhachtach é feasacht tomhaltóirí ar an bhfaisnéis sin chun slabhraí luacha inbhuanaithe feabhsaithe a bhaint amach in earnáil an éadaigh.

11. Meabhraíonn an Chomhairle an creat reachtach atá ann cheana ar leibhéal an Aontais atá infheidhme maidir le hearnáil an éadaigh agus spreagann sí comhleanúnachas níos fearr idir comhar um fhorbairt, uirlisí beartais comhshaoil, saothair, trádála agus uirlisí beartais seachtracha eile chun slabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh a chur chun cinn. Leagann an Chomhairle béim freisin gur cheart, leis an obair leanúnach faoi chreat beartais an Aontais atá ann faoi láthair, go gcuirfí le comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt. Le sineirgí idir comhar um fhorbairt, beartais chomhshaoil agus saothair agus uirlisí trádála féadtar comhthionchar forbraíochta a bheith ann in earnáil an éadaigh. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil forálacha maidir le trádáil agus le forbairt inbhuanaithe (TFI) á gcur isteach go córasach agus á gcur san áireamh i gComhaontuithe Trádála uile an Aontais, lena n-áirítear le tíortha atá i mbéal forbartha, agus iarrann sí ar an gCoimisiún cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha sin a áirithiú. Tá tábhacht ag baint freisin le húsáid éifeachtach caibidlí i TFI agus uirlisí eile chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe chun feabhas a chur ar chaighdeán chomhshaoil agus saothair agus ar chleachtais soláthair inbhuanaithe in earnáil an éadaigh. Leis an athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar straitéis an Aontais "cúnamh don trádáil", ba cheart go rannchuideofaí le spriocanna forbartha inbhuanaithe a shaothrú. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún leanúint leis an idirphlé le tairbhíthe "Gach Ní seachas Airm" (EBA) agus dlús a chur leis d'fhonn sárúithe tromchúiseacha, córasacha ar chearta an duine agus ar chroíchaighdeán an tsaothair a chomhrac, sárúithe a léiríodh le déanaí i gcomhthéacs Chomhshocrú d'Inbhuanaitheacht na Banglaidéise.
12. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil tiomantas rialtas i dtíortha táirgthe do na coinníollacha creata dlíthiúla agus rialála iomchuí a leagan amach agus a chur chun feidhme, agus rannpháirtíocht an ghnó mar aon le tiomantas na ngeallsealbhóirí ábhartha uile do shlabhraí luacha inbhuanaithe, ríthábhachtach chun feabhsuithe nithiúla a bhaint amach. Chun na críche sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a iarrachtaí a neartú trí chur chun feidhme uaillmhianach agus tapa a áirithiú chun tacú le slabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh agus tugann sí aird chuí ar rún Pharlaimint na hEorpa ina n-iarrtar gníomhaíocht chuimsitheach san earnáil sin. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar shlabhraí luacha inbhuanaithe in earnáil an éadaigh ar bhealach cuimsitheach a théann thar chomhar um fhorbairt freisin chun tionscal éadaigh atá níos sábháilte, níos glaise agus níos cothroime a chur chun cinn.